


**Aguisín 2 - Seicliosta le haghaidh athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí fhrithbhulaíochta agus ar a fheidhmiú Meitheamh 2019**


Ní mór don Bhord Bainistíochta athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ar an tslí ina gcuirtear chun feidhme é. Ní mór an seicliosta seo a leanas a úsáid san athbhreithniú. Áis is ea an seicliosta d'athbhreithniú an bheartais ach ní seicliosta uileghabhálach é. Ní mór na rudaí seo a leanas a chur i gcrích chun an seicliosta a chomhlánú: scrúdú agus athbhreithniú ar anailís chainníochtúil agus ar anailís cháilíochtúil ar eilimintí éagsúla d'fheidhmiú bheartas frithbhulaíochta na scoile.

Tá/ Níl

|  |                                     |
|--|-------------------------------------|
| An bhfuil polasaí frithbhulaíochta a ghéilleann go hiomlán do choinníollacha <i>Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile</i> glactha ag an mBord go foirmiúil?   | Tá                                  |
| An bhfuil an polasaí foilsithe ar shuíomh Gréasáin na scoile agus cóip curtha ar fáil do chumann na dtuismitheoirí?  | Tá                                  |
| Ar chinntigh an Bord go bhfuil go bhfuil an polasaí ar fáil d'fhoireann na scoile (agus foireann nua san áireamh)? <i>Cóip den pholasaí sa bhfilteán eolais ranga/scoile atá ag gach múinteoir.</i>  | Chinntigh                           |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuil dóthain eolais ar an bpolasaí agus ar na gnásanna ag foireann na scoile chun iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhsheasmhach ina gcuid oibre laethúla? <i>Dul siar &amp; daingniú leis an bhfoireann ar bhonn rialto ag cruinnithe foirne</i> | Tá                                  |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuil dóthain eolais ar an bpolasaí ag na daltaí?<br><i>Seachtain cairdis, feachtas frithbhulaíochta, daingniú ar rialacha frithbhulaíochta srl san OSPS, Clár Bí Sábháilte</i>  | Tá                                  |
| An bhfuil an Bord sásta gur doiciméadaíodh sa bheartas na straitéisí coiscthe agus oideachais a bheidh i bhfeidhm sa scoil?  | Tá                                  |
| An bhfuil an Bord sásta gur cuireadh gach straitéis coiscthe agus oideachais chun feidhme?   | Tá                                  |
| Ar scrúdaíodh a éifeachtaí atá na straitéisí coiscthe agus oideachais atá curtha chun feidhme?   | Scrúdaíodh Measúnú Fóirme leanúnach |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na múinteoirí ar fad ag taifeadadh agus ag déileáil le teagmhais bhulaíochta de réir an bheartais?   | Tá                                  |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuair an Bord na tuairiscí a choimre tréimhsiúla ón bPríomhoide agus ar glacadh miontuairiscí maidir leo?   | Tá                                  |
| An bhfuil an Bord sásta gur pléadh a fheabhas atá an scoil ag láimhsiú tuairiscí bulaíochta lena n-áirítear teagmhais bhulaíochta ar déileáladh leo ag céim luath agus nach bhfuil san áireamh, mar sin, i dtuairisc thréimhsiúil an Phríomhoide?  | Tá                                  |
| An bhfuil an Bord sásta nach bhfuarthas aon ghearán ó thuismitheoirí maidir leis an tslí ina láimhsíonn an scoil teagmhais bhulaíochta?  | Tá                                  |
| An bhfuil an Bord sásta nár thóg tuismitheoir ar bith a páiste amach as an scoil á rá go raibh siad míshásta leis an tslí inar láimhsigh an scoil cás bulaíochta?  | Tá                                  |
| An bhfuil an Bord sásta nach ndearna Ombudsman na Leanaí imscrúdú ar an tslí inar láimhsigh an scoil cás bulaíochta a thionscain nó a thabhairt chun críche?   | Tá                                  |
| An bhfuil an Bord sásta go ndearnadh anailís ar na sonraí a fuarthas ó chásanna a tuairiscíodh don Phríomhoide (leis an teimpléad taifeadta bulaíochta) chun aon cheisteanna, treochoirí nó patrúin in iompar bulaíochta a shainiú?  | Tá                                  |
| An bhfuil an Bord sásta nár aithníodh aon ghnéithe de bheartas na scoile agus/nó a fheidhmiú a dteastaíonn feabhsú breise orthu?   | Tá                                  |
| An bhfuil plean gníomhaíochta i bhfeidhm ag an mBord chun díriú ar aon réimse ina dteastaíonn feabhsú?   | N/A                                 |

Síniú   
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Dáta 17/06/2019

Síniú   
Príomh-Oide

Dáta 17/06/2019